C/2024/6142

14.10.2024

FÓGRA ÓN GCOIMISIÚN

Treoraíocht le haghaidh na mBallstát maidir le bailiú na sonraí agus an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 6(5), pointí (a) go (d), de Rialachán (AE) 2023/1230 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/6142)

CLÁR

Leathanach

Ráiteas Tábhachtach 1

Réamhrá 2

Treoir maidir le conas an Teimpléad a líonadh isteach 2

Treoracha ginearálta 2

Treoracha sonracha 3

Iarscríbhinn A – Uimhriú cholúin an Teimpléid 13

Iarscríbhinn B - Liosta na gcód 8 ndigit agus 4 dhigit de réir aicmiú ESAW na nOibreán Ábhartha, faoina bhféadfaí teacht ar chatagóirí innealra nó táirgí gaolmhara faoi raon feidhme Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán. 14

RÁITEAS TÁBHACHTACH

Is é is cuspóir don doiciméad seo, atá bunaithe ar Airteagal 6(10), an dara fomhír, de Rialachán (AE) 2023/1230 maidir le hinnealra ([1]) ('an Rialachán'), gan treoir a thabhairt ach amháin maidir le hábhair a bhaineann le bailiú na sonraí agus na faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 6(5), pointí (a) go (d), den Rialachán sin agus maidir le líonadh an teimpléid chaighdeánaithe a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1922 ón gCoimisiún ([2]) ('an Teimpléad').

Dírítear an doiciméad seo chuig na Ballstáit, ach baineann sé freisin le tríú tíortha, i.e. tíortha nach Ballstáit den Aontas Eorpach iad, a thug comhaontú i gcrích leis an Aontas chun infheidhmeacht an Rialacháin a leathnú chun na tíortha sin a chumhdach. Dá réir sin, na tagairtí a dhéantar sa doiciméad seo do 'na Ballstáit' nó 'an tAontas', tuigfear go dtagraíonn siad do na tríú tíortha sin freisin.

Is mar threoirdhoiciméad amháin atá an doiciméad seo beartaithe. Níl feidhm dhlíthiúil ach ag téacs ghníomh comhchuibhithe an Aontais féin.

Baineann an léirmhíniú ceangailteach ar reachtaíocht an Aontais le hinniúlacht eisiach Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Leis na tuairimí a nochtar sa doiciméad seo ní féidir réamhbhreithiúnas a dhéanamh ar an seasamh a d'fhéadfadh an Coimisiún a ghlacadh os comhair na Cúirte Breithiúnais.

Is léiriú é an doiciméad seo ar an reachtaíocht tráth a dréachtaíodh an doiciméad seo agus d'fhéadfadh an treoir a chuirtear ar fáil a bheith faoi réir a modhnaithe ina dhiaidh sin.

([1]) Rialachán (AE) 2023/1230 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2023 maidir le hinnealra agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 73/361/CEE ón gComhairle (IO L 165, 29.6.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/1230/oj).

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1922 ón gCoimisiún an 12 Iúil 2024 lena leagtar amach an teimpléad lena mbaileoidh na Ballstáit na sonraí agus an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 6(5), pointí (a) go (d), de Rialachán (AE) 2023/1230 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L, 2024/1922, 15.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1922/oj).

RÉAMHRÁ

Tháinig an Rialachán i bhfeidhm an 19 Iúil 2023 agus beidh feidhm aige ón 20 Eanáir 2027 ar aghaidh. Leagtar síos leis ceanglais sláinte agus sábháilteachta maidir le dearadh agus tógáil innealra, táirgí gaolmhara agus innealra páirtchríochnaithe ionas gur féidir iad a chur ar fáil ar mhargadh an Aontais nó a chur i seirbhís san Aontas, agus ardleibhéal cosanta sláinte agus sábháilteachta á áirithiú an tráth céanna. Ón 20 Eanáir 2027 ar aghaidh, déanfaidh sé Treoir 2006/42/CE ([3]) a aisghairm agus a ionadú freisin.

Faoi Airteagal 6(10), an chéad fhomhír, den Rialachán, tá an Coimisiún le foráil a dhéanamh maidir le teimpléad caighdeánaithe lena mbaileoidh na Ballstáit na sonraí agus an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 6(5), pointí (a) go (d) den Rialachán, lena n-áirítear an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 6(9) den Rialachán céanna. Is é is aidhm do theimpléad caighdeánaithe den sórt sin coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le sonraí agus faisnéis a bhailiú chun catagóir innealra nó táirgí gaolmhara a chur le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin nó chun catagóir innealra nó táirgí gaolmhara a tharraingt siar ón Iarscríbhinn sin.

Leagtar síos an teimpléad caighdeánaithe atá ann faoi láthair san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1922 ('an Teimpléad').

Ina theannta sin, faoi Airteagal 6(10), an dara fomhír, den Rialachán, eiseoidh an Coimisiún treoir do na Ballstáit maidir le bailiú agus tarchur sonraí agus faisnéise inchomparáide ardcháilíochta. Is é is cuspóir don doiciméad seo treoir a thabhairt do na Ballstáit, dá bhforáiltear in Airteagal 6(10), an dara fomhír, den Rialachán.

TREOIR MAIDIR LE CONAS AN TEIMPLÉAD A LÍONADH ISTEACH

Treoracha ginearálta

De bhun Airteagal 6(9) den Rialachán, déanfar an Teimpléad a líonadh isteach agus a thíolacadh faoin 20 Iúil 2025, agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin.

Sa Teimpléad, a thíolactar i mbliain ar leith (Y), cumhdaítear sonraí agus faisnéis a bhaineann le tréimhse 5 bliana mar a léirítear sna colúin ábhartha den Teimpléad.

I gcomhthéacs an Teimpléid:

Y-2 (an bhliain tíolactha lúide 2): cumhdaítear an dara bliain féilire, ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig, roimh an mbliain a thíolactar an tuarascáil;

Y-3 (an bhliain tíolactha lúide 3): cumhdaítear an 3ú bliain féilire (ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig) roimh an mbliain a thíolactar an tuarascáil;

Y-4 (an bhliain tíolactha lúide 4): cumhdaítear an 4ú bliain féilire (ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig) roimh an mbliain a thíolactar an tuarascáil;

Y-5 (an bhliain tíolactha lúide 5): cumhdaítear an 5ú bliain féilire (ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig) roimh an mbliain a thíolactar an tuarascáil;

Y-6 (an bhliain tíolactha lúide 6): cumhdaítear an 6ú bliain féilire (ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig) roimh an mbliain a thíolactar an tuarascáil;

Ciallaíonn reachtaíocht an Aontais maidir le hinnealra: an Rialachán nó Treoir 2006/42/CE nó Reachtaíocht an Aontais maidir le hinnealra ab infheidhme roimh Threoir 2006/42/CE;

Is fearr an teimpléad a líonadh isteach i mBéarla.

Níor cheart do gach Ballstát ach teimpléad amháin a líonadh isteach agus a thíolacadh, i bhformáid Excel, lena n-áirítear na sonraí uile a bhaineann leis an mBallstát sin.

([3]) Treoir 2006/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2006 maidir le hinnealra, agus lena leasaítear Treoir 95/16/CE (IO L 157, 9.6.2006, lch. 24, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2006/42/oj).

Is féidir an teimpléad a thíolacadh go leictreonach tríd an mbosca ríomhphoist feidhmiúil ábhartha.

Treoracha sonracha

Barr an Teimpléid (ó chlé go deas)

— **An bhliain ('Y') a thíolactar an tuarascáil** [réimse slánuimhreach]

Sa réimse seo, cuirfear in iúl an bhliain féilire ina gcuireann an Ballstát an Teimpléad comhlánaithe faoi bhráid an Choimisiúin.

— **An Ballstát** [réimse téacs, 10 bhfocal ar a mhéad]

Sa réimse seo, cuirfear in iúl ainm na Tíre a bhfuil na sonraí agus an fhaisnéis á dtíolacadh acu.

Príomhthábla an Teimpléid (ó chlé go deas)

Chun go mbeidh sé níos éasca ord na gcolún a léamh, uimhrítear na colúin in Iarscríbhinn A a ghabhann leis an treoir seo.

— **An Chéad Cholún (1): Catagóir in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán** [scrollaigh síos chun rogha a dhéanamh]

Baineann 'Catagóir' le catagóirí innealra agus táirgí gaolmhara a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán tráth a chuirtear an Teimpléad faoi bhráid an Choimisiúin (faoin gcéad cholún: 'Is ea'), nó baineann sé le catagóirí eile a d'fhéadfaí a áireamh san Iarscríbhinn, de réir na mBallstát (faoin gcéad cholún: 'Ní hea').

Na sonraí agus an fhaisnéis uile sna colúin ina dhiaidh sin (an dara colún go dtí an 39ú colún), tagraíonn siad don chatagóir innealra nó táirge ghaolmhair mar a thuairiscítear sa chéad cholún seo.

Is féidir na spásanna sa Teimpléad a leathnú chun an oiread catagóirí breise innealra agus táirgí gaolmhara is gá a chumhdach, ar catagóirí iad a bhféadfaí iad chur le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán amach anseo trí ghníomh tarmligthe ábhartha.

I gcás leasuithe ar Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán, trí ghníomhartha tarmligthe ábhartha, ba cheart an chéad cholún seo a oiriúnú dá réir sin.

— **An Dara Colún (2): Catagóir i gCuid d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán** [scrollaigh síos chun rogha a dhéanamh]

Maidir leis na catagóirí innealra agus táirgí gaolmhara a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán (faoin gcéad cholún: 'Is ea'), ba cheart a chur in iúl cén chuid den Iarscríbhinn sin ina liostaítear iad: i gCuid A (faoin dara colún: 'A') nó i gCuid B (faoin dara colún: 'B').

Maidir leis na catagóirí innealra agus táirgí gaolmhara nach liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán (faoin gcéad cholún: 'Ní hea'), ba cheart a chur in iúl nach bhfuil an fhaisnéis sin infheidhme (faoin dara colún: 'Neamhbhainteach').

I gcás leasuithe ar Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán, trí ghníomhartha tarmligthe ábhartha, ba cheart an dara colún seo a oiriúnú dá réir sin.

— **An Tríú Colún (3): Uimhir na Catagóire (má áirítear an chatagóir in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán)** [scrollaigh síos chun rogha a dhéanamh]

Maidir leis na catagóirí innealra agus táirgí gaolmhara a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán, Cuid A nó B, ba cheart an uimhir a shanntar do gach catagóir innealra agus táirgí gaolmhara san Iarscríbhinn sin a chur in iúl.

Agus an treoir seo á scríobh, tá sé (6) chatagóir innealra agus táirgí gaolmhara i gCuid A d'Iarscríbhinn I agus tá 19 gcatagóir innealra agus táirgí gaolmhara i gCuid B d'Iarscríbhinn I.

Maidir leis na catagóirí innealra agus táirgí gaolmhara nach liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán (faoin gcéad cholún: 'Ní hea'), ba cheart a chur in iúl nach bhfuil an fhaisnéis sin infheidhme (faoin dara colún: 'Neamhbhainteach').

I gcás leasuithe ar Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán, trí ghníomhartha tarmligthe ábhartha, ba cheart an tríú colún seo a oiriúnú dá réir sin.

— **An Ceathrú Colún (4): Tuairisc ar an gCatagóir (mura n-áirítear an chatagóir in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán)** [réimse téacs, 100 focal ar a mhéad]

Maidir leis na catagóirí innealra agus táirgí gaolmhara a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán, Cuid A nó B, ní gá aon rud a chur in iúl sa cholún seo toisc go n-áirítear san Iarscríbhinn sin an tuairisc ar chatagóir innealra agus táirgí gaolmhara den sórt sin.

Maidir leis na catagóirí innealra agus táirgí gaolmhara nach liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán (faoin gcéad cholún: 'Ní hea' agus faoin dara colún: 'Neamhbhainteach'), ba cheart tuairisc ghearr shoiléir a thabhairt ar gach catagóir nua innealra nó táirge ghaolmhair a bhfuil sé beartaithe iad a chur leis an Iarscríbhinn sin.

I gcás leasuithe ar Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán, trí ghníomhartha tarmligthe ábhartha, ba cheart an ceathrú colún seo a oiriúnú dá réir sin.

— **An Cúigiú Colún (5): Airteagal 6(5)(a) den Rialachán: tásca ar dhíobháil a rinneadh san am atá caite de thairbhe innealra nó táirgí gaolmhara a úsáideadh le haghaidh na húsáide atá beartaithe dóibh nó aon mhí-úsáid measartha intuartha (Y-2 go Y-6)** [réimse téacs, 500 focal ar a mhéad]

Baineann 'tásca ar dhíobháil' leis an bhfaisnéis amhail:

— cineál na guaise is cúis leis an díobháil, ar gné dhílis í d'fheidhm na catagóire innealra nó táirgí gaolmhara, agus an úsáid atá beartaithe agus aon mhí-úsáid measartha intuartha á gcur san áireamh;

— fad an nochta don ghuais;

— déine na díobhála a rinneadh, lena n-áirítear méid inchúlaitheachta na díobhála sin;

— an líon daoine a ndéanann an díobháil difear dóibh;

— faisnéis ábhartha eile.

— **An Séú Colún go dtí an Deichiú Colún (6-10): Airteagal 6(5)(b) den Rialachán: faisnéis faoi lochtanna sábháilteachta a bhraitear le linn an fhaireachais margaidh, agus ábhar a d'fhéadfadh a bheith ar fáil sna córais faisnéise a riarann an Coimisiún, i.e. gníomhaíocht cheartaitheach a dhéantar (a thugtar chun comhréireachta), a tharraingítear siar nó a aisghairtear / An líon aonad innealra nó táirge ghaolmhair a fhaightear a bheith lochtach in aghaidh na bliana** [réimse slánuimhreach]

Maidir le gach catagóir innealra nó táirge ghaolmhair, ba cheart an líon tarluithe i mbliain ar leith a chur in iúl. Is féidir gach ceann nó aon cheann de na nithe seo a leanas a bheith i gceist leis na foinsí sonraí: an Córas Faisnéise agus Cumarsáide maidir le Faireachas Margaidh (ICSMS) agus Córas Mear-Rabhaidh Safety Gate; an Bunachar Sonraí Eorpach maidir le Gortuithe (EU-IDB); staidreamh náisiúnta maidir le timpistí ag an obair; an Grúpa Comhair Riaracháin maidir le hInnealra (AdCo); foinsí ábhartha eile.

Níor cheart aon chill a fhágáil folamh. Nuair a chuirtear in iúl gur nialas atá sa líon tarluithe i mbliain ar leith, ba cheart a shoiléiriú san 11ú colún an bhfuil easpa sonraí ann nó an é nach bhfuil aon tarlú ann.

— **An 11ú Colún (11): Airteagal 6(5)(b) den Rialachán: faisnéis faoi lochtanna sábháilteachta a bhraitear le linn an fhaireachais margaidh, agus ábhar a d'fhéadfadh a bheith ar fáil sna córais faisnéise a riarann an Coimisiún, i.e. gníomhaíocht cheartaitheach a dhéantar (a thugtar chun comhréireachta), a tharraingítear siar nó a aisghairtear / Mínithe** [réimse téacs, 500 focal ar a mhéad]

Maidir le gach catagóir innealra nó táirge ghaolmhair, ba cheart faisnéis ábhartha a sholáthar faoi na foinsí sonraí a úsáidtear agus faoi cháilíocht agus cumhdach na sonraí de réir foinse.

Nuair a chuirtear in iúl gur nialas atá sa líon tarluithe i mbliain ar leith, ba cheart a shoiléiriú an bhfuil easpa sonraí ann nó an é nach bhfuil aon tarlú ann.

An tuairisc ar na príomhlochtanna agus bunús na bhfabhtanna a aimsítear agus an díobháil a d'fhéadfadh na lochtanna agus na fabhtanna sin a dhéanamh, ba cheart an méid sin a thabhairt sa réimse seo freisin.

— **An 12ú Colún (12): Airteagal 6(5)(c) den Rialachán: faisnéis faoi thimpistí aitheanta (ag an obair nó timpistí neamhcheirde) agus faoi thimpistí 'ar dhóbair dóibh tarlú' lena n-áirítear saintréithe na dtimpistí aitheanta sin nó na dtimpistí sin 'ar dhóbair dóibh tarlú' (Y-2 go Y-6)** [réimse téacs, 500 focal ar a mhéad]

Sa réimse seo, ba cheart tuairisc a thabhairt ar phríomh-shaintréithe na dtimpistí nó na dtimpistí 'ar dhóbair dóibh tarlú' (ar a dtugtar neastimpistí freisin), amhail:

— na príomhchásanna timpiste;

— na príomhchúiseanna leis na timpistí;

— sainaithint na rioscaí iarmharacha le linn timpistí;

— an líon íospartach;

— faisnéis ábhartha eile.

— **An 13ú Colún go dtí an 17ú Colún (13-17): Airteagal 6(5)(d) den Rialachán: sonraí maidir le timpistí nó damáiste don tsláinte arb é an t-innealra nó an táirge gaolmhar is cúis leo i gcás na mblianta roimhe sin (Y-2 go Y-6)/ An líon timpistí ag an obair (marfach) in aghaidh na bliana** [réimse slánuimhreach]

Tagraíonn 'timpiste ag an obair' do theagmhas discréideach le linn na hoibre as a dtagann díobháil fhisiciúil nó intinne mar gheall ar an innealra nó an táirge gaolmhar a úsáideadh mar a bhí beartaithe, lena n-áirítear aon mhí-úsáid measartha intuartha.

Tagraíonn 'timpiste mharfach' do thimpiste arb é is cúis léi an t-innealra nó an táirge gaolmhar a úsáideadh mar a bhí beartaithe, lena n-áirítear aon mhí-úsáid measartha intuartha, agus faigheann íospartach bás laistigh de bhliain amháin tar éis na timpiste.

Maidir le gach catagóir innealra nó táirge ghaolmhair, ba cheart an líon tarluithe i mbliain ar leith a chur in iúl. Is féidir gach ceann nó aon cheann de na nithe seo a leanas a bheith i gceist leis na foinsí sonraí: an Bunachar Sonraí Eorpach maidir le Gortuithe (EU-IDB); Staidreamh Eorpach Eurostat maidir le Timpistí ag an Obair (ESAW); an Grúpa Comhair Riaracháin maidir le hInnealra (AdCo); foinsí ábhartha eile.

Áirítear sa réimse seo gach cineál gortuithe, mar shampla: créachtaí agus gortuithe dromchlacha; asaltú, leonadh agus stangadh; comhtholgadh agus gortuithe inmheánacha, bristeacha, nimhiú agus ionfhabhtuithe; suaitheadh; dó, scalladh agus dó seaca; teascadh (baill den chorp a bhaint); éifeachtaí fuaime, creathaidh agus brú; éifeachtaí teochtaí foircneacha, solais agus radaíochta; bá agus aisficsiú; gortuithe iomadúla; gortuithe síceolaíocha.

Níor cheart aon chill a fhágáil folamh. Nuair a chuirtear in iúl gur nialas atá sa líon tarluithe i mbliain ar leith, ba cheart a shoiléiriú san 38ú colún an bhfuil easpa sonraí ann nó an é nach bhfuil aon tarlú ann.

Ba cheart timpistí a thuairisciú sa 13ú colún go dtí an 17ú colún agus i ndáil leis an tuairisc ar an gcatagóir (an chéad cholún go dtí an ceathrú colún) sna cásanna seo a leanas:

— is éard atá san innealra nó sa táirge gaolmhar sin 'an tOibreán Ábhartha' a bhaineann leis an méid seo a leanas: 'an Ghníomhaíocht Coirp Shonrach' (is é sin le rá: an uirlis, an rud nó an ionstraim a bhí á (h)úsáid ag an íospartach nuair a tharla an timpiste, díreach roimh an timpiste); nó 'an Diall' (is é sin le rá, i gcás ina raibh imthosca na timpiste difriúil leis an ngnáthchleachtas agus inarbh é an t-innealra nó an táirge gaolmhar an uirlis, an rud nó an ionstraim a raibh baint aige leis an teagmhas mínormálta); nó an 'Teagmháil - Modh Gortaithe' (is é sin le rá, i gcás inarbh é an t-innealra nó an táirge gaolmhar an uirlis, an rud nó an ionstraim ba chúis le gortú fisiciúil nó síceolaíoch don íospartach; agus

— tá timpiste den sórt sin inchurtha i leith an innealra nó an táirge ghaolmhair, a úsáideadh mar a bhí beartaithe, lena n-áirítear aon mhí-úsáid measartha intuartha, fad nach mbaineann an mhí-úsáid sin atá measartha intuartha le deireadh a chur le bearta sábháilteachta atá beartaithe ag an monaróir, amhail sciatha cosanta a bhaint; d'fhéadfadh timpiste a bheith inchurtha i leith an innealra nó an táirge ghaolmhair má tharlaíonn aon cheann de na nithe seo a leanas:

— is é dearadh nó tógáil an innealra nó an táirge ghaolmhair is cúis leis an timpiste, gan beann ar cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann an t-innealra nó an táirge gaolmhar na caighdeáin chomhchuibhithe ábhartha, nó gan beann ar cé acu atá nó nach bhfuil easnaimh sna caighdeáin chomhchuibhithe sin a mhéid a bhaineann lena gcumas é a thabhairt le fios go nglactar leis go bhfuil comhréir ann le reachtaíocht an Aontais maidir le hinnealra ab infheidhme nuair a cuireadh an t-innealra nó an táirge gaolmhar ar mhargadh an Aontais;

— is iad earráidí an oibreora is cúis leis an timpiste, má tá na hearráidí sin measartha intuartha nó má tá siad níos measa mar gheall ar dhroch-eirgeanamaíocht;

— is é is cúis leis an timpiste droch-chothabháil mar thoradh ar threoracha cothabhála a bhí míchruinn nó neamhiomlán.

'Oibreán Ábhartha': Sainmhínítear an téarma seo san eagrán is déanaí de dhoiciméad EUROSTAT *European statistics on accidents at work (ESAW) — Summary Methodology* [Staidreamh Eorpach maidir le timpistí ag an obair (ESAW) — Modheolaíocht Achomair] arna fhoilsiú ar shuíomh gréasáin Eurostat. Is é 'eagrán 2013' ([4]) an leagan reatha den doiciméad sin.

Liostaítear sa Tábla in Iarscríbhinn B a ghabhann leis an doiciméad seo na cóid de réir aicmiú ESAW na nOibreán Ábhartha, faoina bhféadfaí teacht ar chatagóirí áirithe innealra nó táirgí gaolmhara faoi raon feidhme Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán, tráth a scríobhadh an treoir seo. Tá ról táscach ag na cóid a liostaítear in Iarscríbhinn B a ghabhann leis an doiciméad seo agus ba cheart iad a úsáid má úsáidtear sonraí náisiúnta leathnaithe a bhailítear faoi chuimsiú ESAW mar fhoinse sonraí agus má chomhfhreagraíonn an tuairisc ar an oibreán ábhartha ESAW go díreach do na sonraí a thuairiscítear sa ró ábhartha den teimpléad. Féadfar na cóid a úsáid freisin chun é a dhéanamh níos éasca na bunachair sonraí ábhartha a thuiscint agus/nó a chuardach maidir leis na catagóirí innealra nó táirgí gaolmhara a liostaítear faoi láthair in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán. Ba cheart a thabhairt faoi deara nach n-úsáidtear aicmiú 8 ndigit 'oibreán ábhartha' na hathróige ESAW i mbunachar sonraí ESAW faoi láthair (ní úsáidtear ach an t-aicmiú 4 dhigit). Cé nach bhfuil aon chód 8 ndigit i mbunachar sonraí ESAW, is féidir na cóid 8 ndigit sin a úsáid chun tuiscint níos fearr a fháil ar cad ba cheart a áireamh sna cóid 4 dhigit ghaolmhara. In aon chás, ba cheart baint bheacht a bheith ag na sonraí agus ag an bhfaisnéis a sholáthraítear sa Teimpléad leis an gcatagóir innealra nó táirge ghaolmhair, mar a thuairiscítear sa tríú colún nó sa cheathrú colún den Teimpléad.

— **An 18ú Colún go dtí an 22ú Colún (18-22): Airteagal 6(5)(d) den Rialachán: sonraí maidir le timpistí nó damáiste don tsláinte arb é an t-innealra nó an táirge gaolmhar is cúis leo i gcás na mblianta roimhe sin (Y-2 go Y-6)/ An líon timpistí ag an obair (tromchúiseach) in aghaidh na bliana** [réimse slánuimhreach]

Tagraíonn 'timpiste ag an obair' do theagmhas discréideach le linn na hoibre as a dtagann díobháil fhisiciúil nó intinne mar gheall ar an innealra nó an táirge gaolmhar a úsáideadh mar a bhí beartaithe, lena n-áirítear aon mhí-úsáid measartha intuartha.

Tagraíonn 'timpiste thromchúiseach' do thimpiste (nach bhfuil marfach) arb é is cúis léi an t-innealra nó an táirge gaolmhar a úsáideadh mar a bhí beartaithe, lena n-áirítear aon mhí-úsáid measartha intuartha, agus déantar damáiste buan d'íospartach mar gheall ar an timpiste, nó déantar damáiste suntasach don chorp, amhail teascadh baill den choirp.

Maidir le gach catagóir innealra nó táirge ghaolmhair, ba cheart an líon tarluithe i mbliain ar leith a chur in iúl. Is féidir gach ceann nó aon cheann de na nithe seo a leanas a bheith i gceist leis na foinsí sonraí: an Bunachar Sonraí Eorpach maidir le Gortuithe (EU-IDB); Staidreamh Eorpach Eurostat maidir le Timpistí ag an Obair (ESAW); an Grúpa Comhair Riaracháin maidir le hInnealra (AdCo); foinsí ábhartha eile.

Áirítear sa réimse seo gach cineál gortuithe, mar shampla: créachtaí agus gortuithe dromchlacha; asaltú, leonadh agus stangadh; comhtholgadh agus gortuithe inmheánacha, bristeacha, nimhiú agus ionfhabhtuithe; suaitheadh; dó, scalladh agus dó seaca; teascadh (baill den chorp a bhaint); éifeachtaí fuaime, creathaidh agus brú; éifeachtaí teochtaí foircneacha, solais agus radaíochta; bá agus aisficsiú; gortuithe iomadúla; gortuithe síceolaíocha.

Níor cheart aon chill a fhágáil folamh. Nuair a chuirtear in iúl gur nialas atá sa líon tarluithe i mbliain ar leith, ba cheart a shoiléiriú san 38ú colún an bhfuil easpa sonraí ann nó an é nach bhfuil aon tarlú ann.

([4]) https://ec.europa.eu/eurostat/web/products-statistical-working-papers/-/ks-ra-12-002.

Ba cheart timpistí a thuairisciú san 18ú colún go dtí an 22ú colún agus i ndáil leis an tuairisc ar an gcatagóir (an chéad cholún go dtí an ceathrú colún) sna cásanna seo a leanas:

— is éard atá san innealra nó sa táirge gaolmhar sin 'an tOibreán Ábhartha' a bhaineann leis an méid seo a leanas: 'an Ghníomhaíocht Coirp Shonrach' (is é sin le rá: an uirlis, an rud nó an ionstraim a bhí á (h)úsáid ag an íospartach nuair a tharla an timpiste, díreach roimh an timpiste); nó 'an Diall' (is é sin le rá, i gcás ina raibh imthosca na timpiste difriúil leis an ngnáthchleachtas agus inarbh é an t-innealra nó an táirge gaolmhar an uirlis, an rud nó an ionstraim a raibh baint aige leis an teagmhas mínormálta); nó an 'Teagmháil - Modh Gortaithe' (is é sin le rá, i gcás inarbh é an t-innealra nó an táirge gaolmhar an uirlis, an rud nó an ionstraim ba chúis le gortú fisiciúil nó síceolaíoch don íospartach; agus

— tá timpiste den sórt sin inchurtha i leith an innealra nó an táirge ghaolmhair, a úsáideadh mar a bhí beartaithe, lena n-áirítear aon mhí-úsáid measartha intuartha, fad nach mbaineann an mhí-úsáid sin atá measartha intuartha le deireadh a chur le bearta sábháilteachta atá beartaithe ag an monaróir, amhail sciatha cosanta a bhaint; d'fhéadfadh timpiste a bheith inchurtha i leith an innealra nó an táirge ghaolmhair má tharlaíonn aon cheann de na nithe seo a leanas:

  — is é dearadh nó tógáil an innealra nó an táirge ghaolmhair is cúis leis an timpiste, gan beann ar cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann an t-innealra nó an táirge gaolmhar na caighdeáin chomhchuibhithe ábhartha, nó gan beann ar cé acu atá nó nach bhfuil easnaimh sna caighdeáin chomhchuibhithe sin a mhéid a bhaineann lena gcumas é a thabhairt le fios go nglactar leis go bhfuil comhréir ann le reachtaíocht an Aontais maidir le hinnealra ab infheidhme nuair a cuireadh an t-innealra nó an táirge gaolmhar ar mhargadh an Aontais;

  — is iad earráidí an oibreora is cúis leis an timpiste, má tá na hearráidí sin measartha intuartha nó má tá siad níos measa mar gheall ar dhroch-eirgeanamaíocht;

  — is é is cúis leis an timpiste droch-chothabháil mar thoradh ar threoracha cothabhála a bhí míchruinn nó neamhiomlán.

'Oibreán Ábhartha': Sainmhínítear an téarma seo san eagrán is déanaí de dhoiciméad EUROSTAT *European statistics on accidents at work (ESAW) — Summary Methodology* [Staidreamh Eorpach maidir le timpistí ag an obair (ESAW) — Modheolaíocht Achomair] arna fhoilsiú ar shuíomh gréasáin Eurostat. Is é 'eagrán 2013' ([5]) an leagan reatha den doiciméad sin.

Liostaítear sa Tábla in Iarscríbhinn B a ghabhann leis an doiciméad seo na cóid de réir aicmiú ESAW na nOibreán Ábhartha, faoina bhféadfaí teacht ar chatagóirí áirithe innealra nó táirgí gaolmhara faoi raon feidhme Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán, tráth a scríobhadh an treoir seo. Tá ról táscach ag na cóid a liostaítear in Iarscríbhinn B a ghabhann leis an doiciméad seo agus ba cheart iad a úsáid má úsáidtear sonraí náisiúnta leathnaithe a bhailítear faoi chuimsiú ESAW mar fhoinse sonraí agus má chomhfhreagraíonn an tuairisc ar an oibreán ábhartha ESAW go díreach do na sonraí a thuairiscítear sa ró ábhartha den teimpléad. Féadfar na cóid a úsáid freisin chun é a dhéanamh níos éasca na bunachair sonraí ábhartha a thuiscint agus/nó a chuardach maidir leis na catagóirí innealra nó táirgí gaolmhara a liostaítear faoi láthair in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán. Ba cheart a thabhairt faoi deara nach n-úsáidtear aicmiú 8 ndigit 'oibreán ábhartha' na hathróige ESAW i mbunachar sonraí ESAW faoi láthair (ní úsáidtear ach an t-aicmiú 4 dhigit). Cé nach bhfuil aon chód 8 ndigit i mbunachar sonraí ESAW, is féidir na cóid 8 ndigit sin a úsáid chun tuiscint níos fearr a fháil ar cad ba cheart a áireamh sna cóid 4 dhigit ghaolmhara. In aon chás, ba cheart baint bheacht a bheith ag na sonraí agus ag an bhfaisnéis a sholáthraítear sa Teimpléad leis an gcatagóir innealra nó táirge ghaolmhair, mar a thuairiscítear sa tríú colún nó sa cheathrú colún den Teimpléad.

— **An 23ú Colún go dtí an 27ú Colún (23-27): Airteagal 6(5)(d) den Rialachán: sonraí maidir le timpistí nó damáiste don tsláinte arb é an t-innealra nó an táirge gaolmhar is cúis leo i gcás na mblianta roimhe sin (Y-2 go Y-6)/ An líon timpistí ag an obair (eile) in aghaidh na bliana** [réimse slánuimhreach]

Ciallaíonn 'timpiste ag an obair' teagmhas discréideach le linn na hoibre as a dtagann díobháil fhisiciúil nó intinne mar gheall ar an innealra nó an táirge gaolmhar a úsáideadh mar a bhí beartaithe, lena n-áirítear aon mhí-úsáid measartha intuartha.

Ciallaíonn 'timpiste eile' aon timpiste (nach timpiste mharfach ná thromchúiseach í) arb é is cúis léi an t-innealra nó an táirge gaolmhar a úsáideadh mar a bhí beartaithe, lena n-áirítear aon mhí-úsáid measartha intuartha, lena n-éilítear ospidéalú agus/nó neamhláithreacht ón obair ar feadh 4 lá nó níos mó.

([5]) https://ec.europa.eu/eurostat/web/products-statistical-working-papers/-/ks-ra-12-002.

Maidir le gach catagóir innealra nó táirge ghaolmhair, ba cheart an líon tarluithe i mbliain ar leith a chur in iúl. Is féidir gach ceann nó aon cheann de na nithe seo a leanas a bheith i gceist leis na foinsí sonraí: an Bunachar Sonraí Eorpach maidir le Gortuithe (EU-IDB); Staidreamh Eorpach Eurostat maidir le Timpistí ag an Obair (ESAW); an Grúpa Comhair Riaracháin maidir le hInnealra (AdCo); foinsí ábhartha eile.

Áirítear sa réimse seo gach cineál gortuithe, mar shampla: créachtaí agus gortuithe dromchlacha; asaltú, leonadh agus stangadh; comhtholgadh agus gortuithe inmheánacha, bristeacha, nimhiú agus ionfhabhtuithe; suaitheadh; dó, scalladh agus dó seaca; teascadh (baill den chorp a bhaint); éifeachtaí fuaime, creathaidh agus brú; éifeachtaí teochtaí foircneacha, solais agus radaíochta; bá agus aisficsiú; gortuithe iomadúla; gortuithe síceolaíocha.

Níor cheart aon chill a fhágáil folamh. Nuair a chuirtear in iúl gur nialas atá sa líon tarluithe i mbliain ar leith, ba cheart a shoiléiriú san 38ú colún an bhfuil easpa sonraí ann nó an é nach bhfuil aon tarlú ann.

Ba cheart timpistí a thuairisciú sa 23ú colún go dtí an 27ú colún agus i ndáil leis an tuairisc ar an gcatagóir (an chéad cholún go dtí an ceathrú colún) sna cásanna seo a leanas:

— is éard atá san innealra nó sa táirge gaolmhar sin 'an tOibreán Ábhartha' a bhaineann leis an méid seo a leanas: 'an Ghníomhaíocht Coirp Shonrach' (is é sin le rá: an uirlis, an rud nó an ionstraim a bhí á (h)úsáid ag an íospartach nuair a tharla an timpiste, díreach roimh an timpiste); nó 'an Diall' (is é sin le rá, i gcás ina raibh imthosca na timpiste difriúil leis an ngnáthchleachtas agus inarbh é an t-innealra nó an táirge gaolmhar an uirlis, an rud nó an ionstraim a raibh baint aige leis an teagmhas mínormálta); nó an 'Teagmháil - Modh Gortaithe' (is é sin le rá, i gcás inarbh é an t-innealra nó an táirge gaolmhar an uirlis, an rud nó an ionstraim ba chúis le gortú fisiciúil nó síceolaíoch don íospartach; agus

— tá timpiste den sórt sin inchurtha i leith an innealra nó an táirge ghaolmhair, a úsáideadh mar a bhí beartaithe, lena n-áirítear aon mhí-úsáid measartha intuartha, fad nach mbaineann an mhí-úsáid sin atá measartha intuartha le deireadh a chur le bearta sábháilteachta atá beartaithe ag an monaróir, amhail sciatha cosanta a bhaint; d'fhéadfadh timpiste a bheith inchurtha i leith an innealra nó an táirge ghaolmhair má tharlaíonn aon cheann de na nithe seo a leanas:

  — is é dearadh nó tógáil an innealra nó an táirge ghaolmhair is cúis leis an timpiste, gan beann ar cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann an t-innealra nó an táirge gaolmhar na caighdeáin chomhchuibhithe ábhartha, nó gan beann ar cé acu atá nó nach bhfuil easnaimh sna caighdeáin chomhchuibhithe sin a mhéid a bhaineann lena gcumas é a thabhairt le fios go nglactar leis go bhfuil comhréir ann le reachtaíocht an Aontais maidir le hinnealra ab infheidhme nuair a cuireadh an t-innealra nó an táirge gaolmhar ar mhargadh an Aontais;

  — is iad earráidí an oibreora is cúis leis an timpiste, má tá na hearráidí sin measartha intuartha nó má tá siad níos measa mar gheall ar dhroch-eirgeanamaíocht;

  — is é is cúis leis an timpiste droch-chothabháil mar thoradh ar threoracha cothabhála a bhí míchruinn nó neamhiomlán.

'Oibreán Ábhartha': Sainmhínítear an téarma seo san eagrán is déanaí de dhoiciméad EUROSTAT *European statistics on accidents at work (ESAW) — Summary Methodology* [Staidreamh Eorpach maidir le timpistí ag an obair (ESAW) — Modheolaíocht Achomair] arna fhoilsiú ar shuíomh gréasáin Eurostat. Is é 'eagrán 2013' ([6]) an leagan reatha den doiciméad sin.

Liostaítear sa Tábla in Iarscríbhinn B a ghabhann leis an doiciméad seo na cóid de réir aicmiú ESAW na nOibreán Ábhartha, faoina bhféadfaí teacht ar chatagóirí áirithe innealra nó táirgí gaolmhara faoi raon feidhme Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán, tráth a scríobhadh an treoir seo. Tá ról táscach ag na cóid a liostaítear in Iarscríbhinn B a ghabhann leis an doiciméad seo agus ba cheart iad a úsáid má úsáidtear sonraí náisiúnta leathnaithe a bhailítear faoi chuimsiú ESAW mar fhoinse sonraí agus má chomhfhreagraíonn an tuairisc ar an oibreán ábhartha ESAW go díreach do na sonraí a thuairiscítear sa ró ábhartha den teimpléad. Féadfar na cóid a úsáid freisin chun é a dhéanamh níos éasca na bunachair sonraí ábhartha a thuiscint agus/nó a chuardach maidir leis na catagóirí innealra nó táirgí gaolmhara a liostaítear faoi láthair in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán. Ba cheart a thabhairt faoi deara nach n-úsáidtear aicmiú 8 ndigit 'oibreán ábhartha' na hathróige ESAW i mbunachar sonraí ESAW faoi láthair (ní úsáidtear ach an t-aicmiú 4 dhigit). Cé nach bhfuil aon chód 8 ndigit i mbunachar sonraí ESAW, is féidir na cóid 8 ndigit sin a úsáid chun tuiscint níos fearr a fháil ar cad ba cheart a áireamh sna cóid 4 dhigit ghaolmhara. In aon chás, ba cheart baint bheacht a bheith ag na sonraí agus ag an bhfaisnéis a sholáthraítear sa Teimpléad leis an gcatagóir innealra nó táirge ghaolmhair, mar a thuairiscítear sa tríú colún nó sa cheathrú colún den Teimpléad.

([6]) https://ec.europa.eu/eurostat/web/products-statistical-working-papers/-/ks-ra-12-002.

— **An 28ú Colún go dtí an 32ú Colún (28-32): Airteagal 6(5)(d) den Rialachán: sonraí maidir le timpistí nó damáiste don tsláinte arb é an t-innealra nó an táirge gaolmhar is cúis leo i gcás na mblianta roimhe sin (Y-2 go Y-6)/ An líon timpistí neamhcheirde ag an obair (marfach) in aghaidh na bliana** [réimse slánuimhreach]

Tagraíonn 'timpiste neamhcheirde' do theagmhas discréideach le linn úsáid neamhghairmiúil, as a dtagann díobháil fhisiciúil nó intinne mar gheall ar an innealra nó an táirge gaolmhar a úsáideadh mar a bhí beartaithe, lena n-áirítear aon mhí-úsáid measartha intuartha.

Tagraíonn 'timpiste mharfach' do thimpiste neamhcheirde arb é is cúis léi an t-innealra nó an táirge gaolmhar a úsáideadh mar a bhí beartaithe, lena n-áirítear aon mhí-úsáid measartha intuartha, agus faigheann íospartach bás laistigh de bhliain amháin tar éis na timpiste neamhcheirde.

Maidir le gach catagóir innealra nó táirge ghaolmhair, ba cheart an líon tarluithe i mbliain ar leith a chur in iúl. Is féidir gach ceann nó aon cheann de na nithe seo a leanas a bheith i gceist leis na foinsí sonraí: an Bunachar Sonraí Eorpach maidir le Gortuithe (EU-IDB); an Grúpa Comhair Riaracháin maidir le hInnealra (AdCo); foinsí ábhartha eile.

Áirítear sa réimse seo gach cineál gortuithe, mar shampla: créachtaí agus gortuithe dromchlacha; asaltú, leonadh agus stangadh; comhtholgadh agus gortuithe inmheánacha, bristeacha, nimhiú agus ionfhabhtuithe; suaitheadh; dó, scalladh agus dó seaca; teascadh (baill den chorp a bhaint); éifeachtaí fuaime, creathaidh agus brú; éifeachtaí teochtaí foircneacha, solais agus radaíochta; bá agus aisficsiú; gortuithe iomadúla; gortuithe síceolaíocha.

Cumhdaítear leis na cealla liatha catagóirí innealra nó táirgí gaolmhara nach n-aimsítear úsáidí neamhghairmiúla ina leith. Dá bhrí sin, níor cheart iad a líonadh isteach. Seachas na cealla sin, níor cheart aon chill a fhágáil folamh. Nuair a chuirtear in iúl gur nialas atá sa líon tarluithe i mbliain ar leith, ba cheart a shoiléiriú san 38ú colún an bhfuil easpa sonraí ann nó an é nach bhfuil aon tarlú ann.

Maidir le timpiste atá le tuairisciú faoi chatagóir innealra nó táirge ghaolmhair, is gá timpiste den sórt sin a bheith inchurtha i leith an innealra nó an táirge ghaolmhair, a úsáideadh mar a bhí beartaithe, lena n-áirítear aon mhí-úsáid measartha intuartha, fad nach mbaineann an mhí-úsáid sin atá measartha intuartha le deireadh a chur le bearta sábháilteachta atá beartaithe ag an monaróir, amhail sciatha cosanta a bhaint. D'fhéadfadh timpiste a bheith inchurtha i leith an innealra nó an táirge ghaolmhair má tharlaíonn aon cheann de na nithe seo a leanas:

— is é dearadh nó tógáil an innealra nó an táirge ghaolmhair is cúis leis an timpiste, gan beann ar cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann an t-innealra nó an táirge gaolmhar na caighdeáin chomhchuibhithe ábhartha, nó gan beann ar cé acu atá nó nach bhfuil easnaimh sna caighdeáin chomhchuibhithe sin a mhéid a bhaineann lena gcumas é a thabhairt le fios go nglactar leis go bhfuil comhréir ann le reachtaíocht an Aontais maidir le hinnealra ab infheidhme nuair a cuireadh an t-innealra nó an táirge gaolmhar ar mhargadh an Aontais;

— is iad earráidí an oibreora is cúis leis an timpiste, má tá na hearráidí sin measartha intuartha nó má tá siad níos measa mar gheall ar dhroch-eirgeanamaíocht;

— is é is cúis leis an timpiste droch-chothabháil mar thoradh ar threoracha cothabhála a bhí míchruinn nó neamhiomlán.

— **An 33ú Colún go dtí an 37ú Colún (33-37): Airteagal 6(5)(d) den Rialachán: sonraí maidir le timpistí nó damáiste don tsláinte arb é an t-innealra nó an táirge gaolmhar is cúis leo i gcás na mblianta roimhe sin (Y-2 go Y-6)/ An líon timpistí neamhcheirde ag an obair (tromchúiseach nó eile)) in aghaidh na bliana** [réimse slánuimhreach]

Tagraíonn 'timpiste neamhcheirde' do theagmhas discréideach le linn úsáid neamhghairmiúil, as a dtagann díobháil fhisiciúil nó intinne mar gheall ar an innealra nó an táirge gaolmhar a úsáideadh mar a bhí beartaithe, lena n-áirítear aon mhí-úsáid measartha intuartha.

Tagraíonn 'tromchúiseach nó eile' do thimpiste neamhcheirde arb é is cúis léi an t-innealra nó an táirge gaolmhar a úsáideadh mar a bhí beartaithe, lena n-áirítear aon mhí-úsáid measartha intuartha, agus nach timpiste mharfach í.

Maidir le gach catagóir innealra nó táirge ghaolmhair, ba cheart an líon tarluithe i mbliain ar leith a chur in iúl. Is féidir gach ceann nó aon cheann de na nithe seo a leanas a bheith i gceist leis na foinsí sonraí: an Bunachar Sonraí Eorpach maidir le Gortuithe (EU-IDB); an Grúpa Comhair Riaracháin maidir le hInnealra (AdCo); foinsí ábhartha eile.

Áirítear sa réimse seo gach cineál gortuithe, mar shampla: créachtaí agus gortuithe dromchlacha; asaltú, leonadh agus stangadh; comhtholgadh agus gortuithe inmheánacha, bristeacha, nimhiú agus ionfhabhtuithe; suaitheadh; dó, scalladh agus dó seaca; teascadh (baill den chorp a bhaint); éifeachtaí fuaime, creathaidh agus brú; éifeachtaí teochtaí foircneacha, solais agus radaíochta; bá agus aisficsiú; gortuithe iomadúla; gortuithe síceolaíocha.

Cumhdaítear leis na cealla liatha catagóirí innealra nó táirgí gaolmhara nach n-aimsítear úsáidí neamhghairmiúla ina leith. Dá bhrí sin, níor cheart iad a líonadh isteach. Seachas na cealla sin, níor cheart aon chill a fhágáil folamh. Nuair a chuirtear in iúl gur nialas atá sa líon tarluithe i mbliain ar leith, ba cheart a shoiléiriú san 38ú colún an bhfuil easpa sonraí ann nó an é nach bhfuil aon tarlú ann.

Maidir le timpiste atá le tuairisciú sa 33ú colún go dtí an 37ú colún agus i ndáil le catagóir innealra nó táirge ghaolmhair (an chéad cholún go dtí an ceathrú colún), is gá timpiste den sórt sin a bheith inchurtha i leith an innealra nó an táirge ghaolmhair, a úsáideadh mar a bhí beartaithe, lena n-áirítear aon mhí-úsáid measartha intuartha, fad nach mbaineann an mhí-úsáid sin atá measartha intuartha le deireadh a chur le bearta sábháilteachta atá beartaithe ag an monaróir, amhail sciatha cosanta a bhaint.

D'fhéadfadh timpiste a bheith inchurtha i leith an innealra nó an táirge ghaolmhair má tharlaíonn aon cheann de na nithe seo a leanas:

— is é dearadh nó tógáil an innealra nó an táirge ghaolmhair is cúis leis an timpiste, gan beann ar cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann an t-innealra nó an táirge gaolmhar na caighdeáin chomhchuibhithe ábhartha, nó gan beann ar cé acu atá nó nach bhfuil easnaimh sna caighdeáin chomhchuibhithe sin a mhéid a bhaineann lena gcumas é a thabhairt le fios go nglactar leis go bhfuil comhréir ann le reachtaíocht an Aontais maidir le hinnealra ab infheidhme nuair a cuireadh an t-innealra nó an táirge gaolmhar ar mhargadh an Aontais;

— is iad earráidí an oibreora is cúis leis an timpiste, má tá na hearráidí sin measartha intuartha nó má tá siad níos measa mar gheall ar dhroch-eirgeanamaíocht;

— is é is cúis leis an timpiste droch-chothabháil mar thoradh ar threoracha cothabhála a bhí míchruinn nó neamhiomlán.

— **An 38ú Colún (38): Airteagal 6(5)(d) den Rialachán: sonraí maidir le timpistí nó damáiste don tsláinte arb é an t-innealra nó an táirge gaolmhar is cúis leo i gcás na mblianta roimhe sin (Y-2 go Y-6)/Mínithe** [réimse téacs, 500 focal ar a mhéad]

Maidir le gach catagóir innealra nó táirge ghaolmhair, ba cheart faisnéis ábhartha a sholáthar faoi na foinsí sonraí a úsáidtear agus faoi cháilíocht agus cumhdach na sonraí de réir foinse.

Nuair a chuirtear in iúl gur nialas atá sa líon tarluithe i mbliain ar leith, ba cheart a shoiléiriú an bhfuil easpa sonraí ann nó an é nach bhfuil aon tarlú ann.

Ba cheart an tuairisc ar na príomhchúiseanna a raibh locht ar an innealra nó ar an táirge gaolmhar a sholáthar sa réimse seo freisin.

— **An 39ú Colún (39): Faisnéis ábhartha bhreise** [réimse téacs, 500 focal ar a mhéad]

Féadfar faisnéis a áireamh sa réimse seo (a mhéid atá sí ar fáil agus a mhéid a mheasann an Ballstát gur féidir leis an bhfaisnéis sin an measúnú atá le déanamh ag an gCoimisiún a éascú a thuilleadh), de réir gach catagóire innealra nó táirge ghaolmhair, amhail:

— an líon aonad innealra nó táirgí gaolmhara a dhíoltar ar chríoch an Bhallstáit;

— an líon oibrithe san earnáil;

— an uair a cuireadh an t-innealra nó an táirge gaolmhar ar mhargadh an Aontais;

— cé acu a bhí nó nach raibh easpa caighdeáin chomhchuibhithe ann (agus, a mhéid a bhaineann leis an Rialachán, sonraíochtaí coiteanna arna mbunú faoin Rialachán) lena gcumhdaítear na buncheanglais sláinte agus sábháilteachta ábhartha;

— na rioscaí iarmharacha, lena n-áirítear na rioscaí sin a bhféadfaí iad a laghdú, de réir an mhonaróra, le hoiliúint ar leith nó le trealamh cosanta pearsanta ar leith, agus tarlóidh timpistí tromchúiseacha nó marfacha arís agus arís eile nó déanfar damáiste don tsláinte mar gheall ar na rioscaí sin;

— cur i bhfeidhm éagórach na gcaighdeán comhchuibhithe ábhartha nó na sonraíochtaí coiteanna agus nach bhfuil feabhsuithe móra ar staid an mhargaidh mar thoradh ar na gníomhaíochtaí faireachais margaidh a rinneadh ina leith, laistigh de thréimhse réasúnta;

— an neamhchinnteacht sna modhanna measúnaithe riosca atá ann cheana a bhaineann le teicneolaíochtaí nua;

— cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann an t-innealra nó an táirge gaolmhar reachtaíocht an Aontais maidir le hinnealra ab infheidhme nuair a cuireadh an t-innealra nó an táirge gaolmhar ar mhargadh an Aontais; mura gcomhlíontar reachtaíocht an Aontais: cé acu a cuireadh nó nár cuireadh i bhfeidhm na caighdeáin chomhchuibhithe ábhartha a luaitear faoin reachtaíocht sin de chuid an Aontais (nó, a mhéid a bhaineann leis an Rialachán, aon sonraíocht choiteann arna bunú faoin Rialachán); nó an é easnaimh sna caighdeáin chomhchuibhithe ábhartha a luaitear faoin reachtaíocht sin de chuid an Aontais (nó, a mhéid a bhaineann leis an Rialachán, in aon sonraíocht choiteann arna bunú faoin Rialachán) ba chúis le neamhchomhlíonadh na reachtaíochta;

— I ndáil leis an líon iomlán innealra lochtaigh nó táirgí gaolmhara lochtacha, a thuairiscítear faoi Airteagal 6(5)(b) den Rialachán:

  — céatadán (%) an innealra nó na dtáirgí gaolmhara:

    — nach ndearnadh modhnuithe orthu tar éis iad a chur ar mhargadh an Aontais;

    — a ndearnadh modhnuithe neamhshubstaintiúla orthu tar éis iad a chur ar mhargadh an Aontais;

    — a ndearnadh modhnuithe substaintiúla orthu tar éis iad a chur ar mhargadh an Aontais;

  — céatadán (%) an innealra nó na dtáirgí gaolmhara a cuireadh ar mhargadh an Aontais le linn infheidhmeacht na nithe seo a leanas:

    — an Rialachán;

    — Treoir 2006/42/CE;

    — Reachtaíocht an Aontais maidir le hinnealra ab infheidhme roimh Threoir 2006/42/CE;

  — an líon monaróirí a tháirgeann an t-innealra nó na táirgí gaolmhara tuairiscithe;

  — céatadán (%) an innealra nó na dtáirgí gaolmhara a raibh baint ag Comhlacht faoina dTugtar Fógra leo;

— I ndáil leis an líon iomlán timpistí a thuairiscítear faoi Airteagal 6(5)(d) den Rialachán:

  — céatadán (%) na dtimpistí a bhaineann leis an innealra nó na táirgí gaolmhara:

    — nach ndearnadh modhnuithe orthu tar éis iad a chur ar mhargadh an Aontais;

    — a ndearnadh modhnuithe neamhshubstaintiúla orthu tar éis iad a chur ar mhargadh an Aontais;

    — a ndearnadh modhnuithe substaintiúla orthu tar éis iad a chur ar mhargadh an Aontais;

  — céatadán (%) na dtimpistí a bhaineann leis an innealra nó na táirgí gaolmhara a cuireadh ar mhargadh an Aontais le linn infheidhmeacht na nithe seo a leanas:

    — an Rialachán;

    — Treoir 2006/42/CE;

— Reachtaíocht an Aontais maidir le hinnealra ab infheidhme roimh Threoir 2006/42/CE;

— an líon monaróirí a tháirgeann an t-innealra nó na táirgí gaolmhara a bhfuil baint acu leis na timpistí a thuairiscítear;

— céatadán (%) na dtimpistí a bhaineann leis an innealra nó na táirgí gaolmhara agus a raibh baint ag Comhlacht faoina dTugtar Fógra leo;

— aon fhaisnéis ábhartha eile.

IARSCRÍBHINN A

Uimhriú cholúin an Teimpléid

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11	12	13	14	15	16	17	18	19	20	21	22	23	24	25	26	27	28	29	30	31	32	33	34	35	36	37	38	39
An bhliain ('Y') a thiolactar an tuarascáil:				An Ballstát:																																		
Catagóir in larscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán	Catagóir i gCuid d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán	Uimhir na Catagóire (má áirítear an chatagóir in larscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán)	Tuairisc ar an gCatagóir (mura n-áirítear an chatagóir in larscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán)	Airteagal 6(5)(a) den Rialachán: tásca ar dhíobháil a rinneadh san am atá caite de thairbhe innealra nó táirgí gaolmhara a úsáideadh le haghaidh na húsáide atá beartaithe dóibh nó aon mhí-úsáid measartha intuartha (Y-2 go Y-6)	Airteagal 6(5)(b) den Rialachán: faisnéis faoi lochtanna sábháilteachta a bhraitear le linn an fhaireachais margaidh, agus ábhar a dTháeadfadh a bheith ar fáil sna córais faisnéise a riarann an Coimisiún, i.e. gníomhaíocht cheartaitheach a dhéantar (a thugtar chun comhréireachta), a tharraingítear siar nó a aisghairtear						Airteagal 6(5)(c) den Rialachán: faisnéis faoi thimpistí aitheanta (ag an obair nó timpistí neamhcheirde) agus timpistí tromchúiseacha 'ar dhóibair dóibh tarlú', lena n-áirítear saintréithe na dtimpistí sin nó na dtimpistí sin 'ar dhóbair dóibh tarlú' (Y-2 go Y-6)	Airteagal 6(5)(d) den Rialachán: sonraí maidir le timpistí nó damáiste don tsláinte arb é an t-innealra nó an táirge gaolmhar is cúis leo i gcás na mblianta roimhe sin																										Faisnéis ábhartha bhreise
					An líon aonad innealra nó táirge ghaolmhair a fhaightear a bheith lochtach in aghaidh na bliana							An líon timpistí ag an obair (marfach) in aghaidh na bliana					An líon timpistí ag an obair (tromchúiseach) in aghaidh na bliana					An líon timpistí ag an obair (eile) in aghaidh na bliana					An líon timpistí neamhcheirde ag an obair (marfach) in aghaidh na bliana					An líon timpistí neamhcheirde ag an obair (tromchúiseach nó eile) in aghaidh na bliana										
					Y-6	Y-5	Y-4	Y-3	Y-2	Mínithe		Y-6	Y-5	Y-4	Y-3	Y-2	Y-6	Y-5	Y-4	Y-3	Y-2	Y-6	Y-5	Y-4	Y-3	Y-2	Y-6	Y-5	Y-4	Y-3	Y-2	Y-6	Y-5	Y-4	Y-3	Y-2	Mínithe	
Is ea	A	1																																				
Is ea	A	2																																				
Is ea	A	3																																				
Is ea	A	4																																				
Is ea	A	5																																				
Is ea	A	6																																				
Is ea	B	1																																				
Is ea	B	2																																				
Is ea	B	3																																				
Is ea	B	4																																				
Is ea	B	5																																				
Is ea	B	6																																				
Is ea	B	7																																				
Is ea	B	8																																				
Is ea	B	9																																				
Is ea	B	10																																				
Is ea	B	11																																				
Is ea	B	12																																				
Is ea	B	13																																				
Is ea	B	14																																				
Is ea	B	15																																				
Is ea	B	16																																				
Is ea	B	17																																				
Is ea	B	18																																				
Is ea	B	19																																				
Ní hea	Neamh-bhainteach	Neamh-bhainteach																																				
Ní hea	Neamh-bhainteach	Neamh-bhainteach																																				
Ní hea	Neamh-bhainteach	Neamh-bhainteach																																				

IARSCRÍBHINN B

Liosta na gcód 8 ndigit agus 4 dhigit ([1]) de réir aicmiú ESAW na nOibreán Ábhartha, faoina bhféadfaí teacht ar chatagóirí innealra nó táirgí gaolmhara faoi raon feidhme Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán.

Catagóir in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán	Oibreán ábhartha ESAW
Cuid A	
1. Feistí tras-seolta meicniúla in-asbhainte lena n-áirítear a sciatha.	05.02.01.07 Seafta, muinchille, leicnín
2. Sciatha le haghaidh feistí tras-seolta meicniúla in-asbhainte.	16.01.00.00 Feistí sábháilteachta - ar mheaisíní
3. Ardaitheoirí seirbhísithe feithiclí.	11.02.02.01 Trealamh chun feithiclí a ardú, ardaitheoir feithiclí, ardaitheoir hiodrálach
4. Innealra daingnithe iniompartha a oibrítear le cartús agus innealra imbhuailte eile.	07.06.06.00 Gunna stoda ina bhfuil cartúis phléascacha
5. Comhpháirteanna sábháilteachta ag a bhfuil iompraíocht atá féinathraitheach go hiomlán nó go páirteach agus úsáid á baint as cuir chuige mheaisínfhoghlama lena n-áirithítear feidhmeanna sábháilteachta.	16.01.00.00 Feistí sábháilteachta - ar mheaisíní
6. Innealra ina bhfuil córais leabaithe ag a bhfuil iompraíocht atá féinathraitheach go hiomlán nó go páirteach agus úsáid á baint as cuir chuige mheaisínfhoghlama lena n-áirithítear feidhmeanna sábháilteachta nach bhfuil curtha go neamhspleách ar an margadh, i leith na gcóras sin amháin.	16.01.00.00 Feistí sábháilteachta - ar mheaisíní
CUID B	
1. Sábha ciorclacha (lann shingil nó il-lannach) chun adhmad agus ábhar a shaothrú le saintréithe fisiciúla comhchosúla nó chun saothrú leis an bhfeoil agus le hábhar le saintréithe fisiciúla comhchosúla, de na cineálacha seo a leanas:	07.01.02.00 Sábha ciorclacha 07.01.02.0X Sábha ciorclacha 10.11.01.00 Sábh ciorclach 10.11.01.0X Sábh ciorclach
1.1. innealra sáfa le lann(a) f(h)osaithe le linn gearradh, lena mbaineann leaba fhosaithe nó taca le fotha de láimh an phíosa saothair nó le fotha cumhachtaithe soscaoilte;	
1.2. innealra sáfa le lann(a) f(h)osaithe le linn gearradh, lena mbaineann binse sábhadóireachta nó carráiste frithingeach a oibrítear de láimh;	
1.3. innealra sáfa le lann(a) f(h)osaithe le linn gearradh, lena mbaineann feiste fothaithe mheicniúil iontógtha do phíosaí saothair, le luchtú agus/nó díluchtú láimhe;	
1.4. innealra sáfa le lann(a) soghluaiste le linn gearradh, lena mbaineann gluaiseacht mheicniúil na lainne, le luchtú agus/nó díluchtú láimhe.	

([1]) Ní úsáidtear aicmiú 8 ndigit 'oibreán ábhartha' na hathróige ESAW i mbunachar sonraí ESAW faoi láthair (ní úsáidtear ach an t-aicmiú 4 dhigit) ach bunaíodh é ag tús an tionscadail ESAW. Le haicmiú den sórt sin, d'fhéadfaí tuiscint agus/nó cuardach cuid de na catagóirí innealra a éascú.

Catagóir in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán		Oibreán ábhartha ESAW
2.	Innealra plánála lámhfhothaithe don adhmadóireacht.	10.10.02.0X Meaisín plánála, plánóir (Ós rud é nach bhfuil cód ann do thiúsóirí, tuigimid go n-áirítear iad laistigh de na meaisíní plánála)
3.	Tiúsóirí do chóireáil ar thaobh amháin le feiste fothaithe mheicniúil iontógtha, le luchtú agus/nó díluchtú don adhmadóireacht.	
4.	Crios-sábha le luchtú agus/nó díluchtú láimhe chun adhmad a shaothrú, agus ábhar le saintréithe fisiciúla comhchosúla nó chun saothrú le feoil agus le hábhar de shaintréithe fisiciúla comhchosúla, de na cineálacha seo a leanas:	10.11.02.00 Crios-sábh, sábh ribín 10.11.02.0X Crios-sábh, sábh ribín (gan sábh lomáin a áireamh) 10.11.04.0C Crios-sábh, sábh ribín le haghaidh lomán
4.1.	innealra sábhadóireachta le lann(a) f(h)osaithe le linn gearradh, lena mbaineann leaba nó taca gluaiseachta frithingí don phíosa saothair;	
4.2.	innealra sábhadóireachta le lann(a) arna cóimeáil/gcóimeáil ar charráiste le gluaisne fhrithingeach.	
5.	Innealra teaglamaithe de na cineálacha dá dtagraítear i bpointe 1 go pointe 4 agus i bpointe 7 chun saothrú le hadhmad agus le hábhar de shaintréithe fisiciúla comhchosúla.	Féach na cóid le haghaidh mhíreanna 1 go 4 de Chuid B
6.	Innealra tionúraithe lámhfhothaithe le roinnt coinneálaithe uirlisí le haghaidh na hadhmadóireachta.	10.10.12.00 Meaisín múnlaithe fearsaide, meaisín déanta tionúr
7.	Innealra múnlaithe fearsaide ceartingearach lámhfhothaithe chun adhmad agus ábhar de shaintréithe fisiciúla comhchosúla a shaothrú.	10.10.12.00 Meaisín múnlaithe fearsaide, meaisín déanta tionúr
8.	Sábha slabhracha iniompartha don adhmadóireacht.	07.01.04.0X Sábha slabhracha iniompartha
9.	Fáisceáin, lena n-áirítear coscáin fáisceán, le haghaidh fuarshaoirsiú miotal, le luchtú agus/nó díluchtú láimhe, a bhféadfadh a bpáirteanna inghluaiste oibre bogadh níos mó ná 6 mm agus luas is mó ná 30 mm/s a bheith acu.	10.07.01.0X Fáisceán fuar 10.07.01.0X Fáisceán neomatach 10.07.05.0X Fáisceán hiodrálach (gan mionsonraí a thabhairt)
10.	Innealra insteallta nó comhbhrúite múnlaithe plaisteach le luchtú nó díluchtú láimhe.	10.09.01.00 Meaisín insteallta, meaisín easbhrúite 10.09.01.0X Meaisín insteallta, fáisceán insteallta, fáisceán easbhrúite, múnlú insteallta nó meaisín easbhrúite 10.09.02.00 Meaisíní fáscaidh, múnlaithe
11.	Innealra insteallа nó comhbhrúite múnlaithe rubair le luchtú nó díluchtú láimhe.	10.09.01.00 Meaisín insteallta, meaisín easbhrúite 10.09.01.0X Meaisín insteallta, fáisceán insteallta, fáisceán easbhrúite, múnlú insteallta nó meaisín easbhrúite 10.09.02.00 Meaisíní fáscaidh, múnlaithe 10.09.02.0D Meaisín chun ábhair chomhchodacha a dhéanamh 10.09.02.0D Fáisceán bolcánaithe
12.	Innealra do shaothrú fo-thalún na gcineálacha seo a leanas:	D'fhéadfadh feidhm a bheith ag '13.01 Feithiclí – ar ráillí, lena n-áirítear aonráillí ar crochadh: earraí' freisin

Catagóir in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán	Oibreán ábhartha ESAW
12.1. innill féinghluaiste agus carráistí coscánaithe;	13.01.00.00 Feithiclí ar ráillí 13.01.01.00 Traenacha, vaigíní, etc.: earraí 13.01.99.00 Feithiclí eile ar ráillí: earraí
12.2. tacaí dín cumhachtaithe le hiodrálaic.	09.01.09.00 Trealamh le haghaidh oibreacha faoi thalamh
13. Trucailí arna luchtú de láimh do bhailiú dramhaíola teaghlaigh lena n-áirítear sásra comhbhrúite.	12.01.99.00 Cineálacha eile feithiclí troma 10.07.04.0X Fáisceán dramhaíola, fáisceán burlála (páipéar, teicstílí, dramhaíl mhiotail, etc.)
14. Feistí chun daoine nó daoine agus earraí a ardú lena mbaineann titim d'airde cheartingearach níos mó ná 3 m.	11.02.01.00 Ardaitheoirí earraí 11.02.01.01 Ardaitheoirí paisinéirí 11.02.01.03 Trealamh chun daoine a ardú (cliabháin, ciseáin, ardáin ardaithe)
15. Feistí cosanta atá ceaptha chun láithreacht daoine a bhrath.	16.01.00.00 Feistí sábháilteachta - ar mheaisíní
16. Sciatha inghluaiste comhghlasála faoi oibriú cumhachta atá ceaptha lena n-úsáid mar fheistí cosanta san innealra dá dtagraítear i bpointí 9, 10 agus 11 den Chuid seo.	16.01.00.00 Feistí sábháilteachta - ar mheaisíní
17. Aonaid loighce chun feidhmeanna sábháilteachta a áirithiú.	16.01.00.00 Feistí sábháilteachta - ar mheaisíní
18. Struchtúir chosanta i gcás iompaithe (ROPS).	09.01 Meaisíní iniompartha nó soghluaiste - chun ábhair a eastóscadh nó an talamh a shaothrú - mianaigh/cairéil, oibreacha tógála agus innealtóireachta sibhialta 09.02 Meaisíní iniompartha nó soghluaiste - chun an talamh a shaothrú - feirmeoireacht 09.04 Meaisíní soghluaiste chun an t-urlár/an talamh a ghlanadh 09.99 Meaisíní agus trealamh iniompartha nó soghluaiste eile i ngrúpa 09 nach liostaítear thuas
19. Struchtúir chosanta ar rudaí atá ag titim (FOPS).	09.01 Meaisíní iniompartha nó soghluaiste - chun ábhair a eastóscadh nó an talamh a shaothrú - mianaigh/cairéil, oibreacha tógála agus innealtóireachta sibhialta 09.02 Meaisíní iniompartha nó soghluaiste - chun an talamh a shaothrú - feirmeoireacht 09.04 Meaisíní soghluaiste chun an t-urlár/an talamh a ghlanadh 09.99 Meaisíní agus trealamh iniompartha nó soghluaiste eile i ngrúpa 09 nach liostaítear thuas